2025/1927

24.9.2025

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/1927 ÓN gCOIMISIÚN

an 19 Meán Fómhair 2025

lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2447 maidir le bearta éigeandála i ndáil le ráigeanna den fhliú éanúil ardphataigineach i mBallstáit áirithe

(tugadh fógra faoi leis an doiciméad C(2025) 6503)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe ('Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe') ([1]), agus go háirithe Airteagal 259(1), pointe (c), de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is galar víreasach tógálach in éin é an fliú éanúil ardphataigineach (HPAI) agus d'fhéadfadh tionchar tromchúiseach a bheith aige ar bhrabúsacht na feirmeoireachta éanlaithe clóis, rud a chuirfeadh isteach ar thrádáil laistigh den Aontas agus ar onnmhairí chuig tríú tíortha. Is féidir le víris HPAI éin imirceacha a ionfhabhtú, rud a fhágann gur féidir leo na víris sin a leathadh thar achair fhada le linn a n-imircí san fhómhar agus san earrach. Dá bhrí sin, is bagairt leanúnach é víris HPAI a bheith in éin fhiáine maidir le tabhairt isteach na víreas sin go díreach agus go hindíreach i ngabháltais ina gcoimeádtar éanlaith chlóis nó éin i mbraighdeanas. I gcás ráig de HPAI, tá baol ann go bhféadfadh an t-oibreán galair leathadh go gabháltais eile ina gcoimeádtar éanlaith chlóis nó éin i mbraighdeanas.

(2) Le Rialachán (AE) 2016/429 bunaítear an creat reachtach chun galair a chosc agus a rialú, ar galair iad atá in-tarchurtha go hainmhithe nó go daoine. Tagann HPAI faoin sainmhíniú ar ghalar liostaithe sa Rialachán sin, agus tá sé faoi réir na rialacha coisctheacha agus rialaithe galar a leagtar síos ann. Ina theannta sin, le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 ón gCoimisiún ([2]) déantar forlíonadh ar Rialachán (AE) 2016/429 a mhéid a bhaineann leis na rialacha maidir le galair liostaithe áirithe a chosc agus a rialú, lena n-áirítear HPAI. Go háirithe, foráiltear le hAirteagal 21 den Rialachán Tarmligthe sin, i gcás ráig de ghalar i gcatagóir A i mbunaíocht, go bhfuil an t-údarás inniúil le crios srianta a bhunú láithreach ina mbeidh crios cosanta, crios faireachais, agus más gá, criosanna srianta breise timpeall na gcriosanna cosanta agus faireachais nó cóngarach dóibh.

(3) Glacadh Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2447 ón gCoimisiún ([3]) ar bhonn Rialachán (AE) 2016/429, agus leagtar síos leis bearta éigeandála ar leibhéal an Aontais i ndáil le ráigeanna de HPAI.

(4) Go háirithe, le hAirteagal 2, pointe (a), Airteagal 3, pointe (a) agus Airteagal 4, pointe (a) de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2447, foráiltear, faoi seach, tar éis ráigeanna de HPAI, i ndáil leis na criosanna cosanta agus faireachais agus na criosanna srianta breise atá le bunú ag na Ballstáit a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán sin, i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687, nach mór do na criosanna sin na limistéir a liostaítear mar chriosanna cosanta agus faireachais agus criosanna srianta breise san Iarscríbhinn sin a chuimsiú ar a laghad. Foráiltear le hAirteagal 2, pointe (b), Airteagal 3, pointe (b) agus Airteagal 4, pointe (b), de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2447 freisin nach mór na bearta atá le cur i bhfeidhm sna criosanna sin faoi seach, i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687, a choinneáil ar bun go dtí na dátaí a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme sin.

([1]) IO L 84, 31.3.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/429/oj.

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le galair liostaithe áirithe a chosc agus a rialú (IO L 174, 3.6.2020, lch. 64, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2020/687/oj).

([3]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2447 ón gCoimisiún an 24 Deireadh Fómhair 2023 maidir le bearta éigeandála i ndáil le ráigeanna den fhliú éanúil ardphataigineach i mBallstáit áirithe (IO L, 2023/2447, 30.10.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2023/2447/oj).

(5) Leasaíodh an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2447 le déanaí le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1912 ón gCoimisiún ([4]), tar éis ráigeanna de HPAI sa Spáinn i mbunaíochtaí inar coinníodh éanlaith chlóis, rud ba ghá a léiriú san Iarscríbhinn sin.

(6) Ó bhí dáta glactha Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1912 ann, tá fógra tugtha ag an nGearmáin don Choimisiún faoi dhá ráig nua de HPAI i mbunaíochtaí inar coimeádadh éanlaith chlóis, bunaíochtaí atá lonnaithe i stát Mecklenburg-Vorpommern.

(7) Tar éis an dá ráig sin, tá na bearta rialaithe galar is gá déanta ag an nGearmáin i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687, lena n-áirítear bunú criosanna cosanta agus faireachais timpeall ar na ráigeanna.

(8) Tá scrúdú déanta ag an gCoimisiún ar na bearta rialaithe galar a rinne an Ghearmáin, agus tá sé sásta go bhfuil teorainneacha na gcriosanna cosanta agus faireachais arna mbunú ag an mBallstát sin fada go leor ón mbunaíocht ina bhfuil an dá ráig nua sin de HPAI deimhnithe i stát Mecklenburg-Vorpommern.

(9) Chun aon chur isteach nach bhfuil gá leis ar thrádáil laistigh den Aontas a chosc agus chun nach bhforchuirfidh tríú tíortha aon suaitheadh gan údar ar thrádáil, is gá a leagan síos go mear ar leibhéal an Aontais, i gcomhar leis an nGearmáin, na criosanna cosanta agus faireachais arna mbunú ag an mBallstát sin, i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687.

(10) Dá bhrí sin, na limistéir a liostaítear mar chriosanna cosanta agus faireachais le haghaidh na Gearmáine san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2447, ba cheart iad a leasú chun teorainneacha na gcriosanna cosanta agus faireachais arna mbunú ag an nGearmáin tar éis an dá ráig sin de HPAI a tharla le déanaí sa Bhallstát sin a chur san áireamh, chomh maith le fad riachtanach na mbeart atá le cur i bhfeidhm sna criosanna sin, i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687. Dá bhrí sin, ba cheart an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2447 a leasú dá réir sin.

(11) I bhfianaise phráinn na staide eipidéimeolaíche san Aontas a mhéid a bhaineann le leathadh HPAI, tá sé tábhachtach go dtiocfaidh na leasuithe atá le déanamh ar Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2447 leis an gCinneadh seo i bhfeidhm a luaithe is féidir.

(12) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2447.

Airteagal 2

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 19 Meán Fómhair 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
Olivér VÁRHELYI
Comhalta den Choimisiún

([4]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1912 ón gCoimisiún an 17 Meán Fómhair 2025 lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2447 maidir le bearta éigeandála i ndáil le ráigeanna den fhliú éanúil ardphataigineach i mBallstáit áirithe (IO L, 2025/1912, 19.9.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2025/1912/oj).

IARSCRÍBHINN

Cuid A

Criosanna cosanta sna Ballstáit lena mbaineann* dá dtagraítear in Airteagal 1, pointe (a), agus Airteagal 2:

Ballstát: an Bhulgáir

Uimhir thagartha ADIS na ráige	Limistéar arb é atá ann:	An dáta a bheidh sé infheidhme go dtí, i gcomhréir le hAirteagal 39 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687
	Réigiún Plovdiv	
BG-HPAI(P)-2025-00008 BG-HPAI(P)-2025-00009 BG-HPAI(P)-2025-000010	The following villages in Rakovski municipality: — Rakovski — Momino selo The following villages in Kaloyanovo municipality: — Glavatar	21.9.2025

Ballstát: an Ghearmáin

Uimhir thagartha ADIS na ráige	Limistéar arb é atá ann:	An dáta a bheidh sé infheidhme go dtí, i gcomhréir le hAirteagal 39 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687
	MECKLENBURG-VORPOMMERN	
DE-HPAI(P)-2025-00011 DE-HPAI(P)-2025-00012	**Landkreis Rostock** 3 km Radius um die GPS-Koordinaten: 12,490912/54,064633 und 12,494110/54,062042 Stadt Tessin mit den Ortsteilen Neu Gramstorf und Wolfsberger Mühle, Gemeinde Gnewitz mit den Ortsteilen Gnewitz und Barkvieren, Gemeinde Zarnewanz mit dem Ortsteilen Zarnewanz, Kleinhof und Stormstorf	6.10.2025
	SCHLESWIG-HOLSTEIN	
DE-HPAI(P)-2025-00010	**Kreis Steinburg** 3 km Radius um den Ausbruchsbetrieb GPS-Koordinaten 9,450142/54,038066 Die gesamten Gemeinden Hadenfeld, Bokelrehm, sowie Teile der Gemeinden Aasbüttel, Agethorst, Bokhorst, Kaisborstel, Mehlbek, Nienbüttel, Pöschendorf, Schenefeld, Warringholz.	24.9.2025

Ballstát: an Spáinn

Uimhir thagartha ADIS na ráige	Limistéar arb é atá ann:	An dáta a bheidh sé infheidhme go dtí, i gcomhréir le hAirteagal 39 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687
ES-HPAI(P)-2025-00003	Those parts in the province of Huelva of the comarca of Valverde del Camino contained within a circle of a radius of 3 kilometres, centered on UTM 30, ETRS89 coordinates long - 6,8929226, lat 37,7619535	1.10.2025

Uimhir thagartha ADIS na ráige	Limistéar arb é atá ann:	An dáta a bheidh sé infheidhme go dtí, i gcomhréir le hAirteagal 39 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687
ES-HPAI(P)-2025-00004	Those parts in the province of Guadalajara of the comarca of Pozo de Guadalajara contained within a circle of a radius of 3 kilometres, centered on UTM 30, ETRS89 coordinates long - 3,1910813, lat 40,4981733	29.9.2025
ES-HPAI(P)-2025-00005	Those parts in the province of Huelva of the comarca of Valverde del Camino contained within a circle of a radius of 3 kilometres, centered on UTM 30, ETRS89 coordinates long - 6,8007952, lat 37,6069237	7.10.2025

Ballstát: an Phortaingéil

Uimhir thagartha ADIS na ráige	Limistéar arb é atá ann:	An dáta a bheidh sé infheidhme go dtí, i gcomhréir le hAirteagal 39 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687
PT-HPAI(P)-2025-00003	The parts from the county of Benavente from the district of Santarém that are contained within circle of 3 kilometers radius, centered on GPS coordinates 38.829589N, -8.710556W	26.9.2025

Cuid B

Criosanna faireachais sna Ballstáit lena mbaineann* dá dtagraítear in Airteagal 1, pointe (a), agus Airteagal 3:

Ballstát: an Bhulgáir

Uimhir thagartha ADIS na ráige	Limistéar arb é atá ann:	An dáta a bheidh sé infheidhme go dtí, i gcomhréir le hAirteagal 55 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687
	Réigiún Plovdiv	
BG-HPAI(P)-2025-00008 BG-HPAI(P)-2025-00009 BG-HPAI(P)-2025-000010	The following villages in Rakovski municipality: — Shishmantsi — Boltarino — Strayama The following villages in Maritsa municipality: — Manolsko Konare — Yasno pole — Dink — Kalekovets — Krislovo The following villages in Brezovo municipality: — Padarsko — Borets — Otets Kirilovo — Drangovo — Streltsi	30.9.2025

Uimhir thagartha ADIS na ráige	Limistéar arb é atá ann:	An dáta a bheidh sé infheidhme go dtí, i gcomhréir le hAirteagal 55 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687
	The following villages in Kaloyanovo municipality: — Razhevo — Razhevo Konare — Dalgo pole	
	The following villages in Rakovski municipality: — Rakovski — Momino selo The following villages in Kaloyanovo municipality: — Glavatar	22.9.2025 – 30.9.2025

Ballstát: an Ghearmáin

Uimhir thagartha ADIS na ráige	Limistéar arb é atá ann:	An dáta a bheidh sé infheidhme go dtí, i gcomhréir le hAirteagal 55 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687
	MECKLENBURG-VORPOMMERN	
DE-HPAI(P)-2025-00011 DE-HPAI(P)-2025-00012	**Landkreis Rostock** 10 km Radius um die GPS-Koordinaten: 12,490912/54,064633 und 12,494110/54,062042 Amt Tessin: Gemeinde Cammin mit den Ortsteilen Prangendorf, Weitendorf und Wohrenstorf, Gemeinde Gnewitz mit dem Ortsteil Neu Barkvieren, Gemeinde Grammow mit den Ortseilen Alt Strassow, Neu Strassow, Grammow, Neuhof und Recknitzberg, Gemeinde Nustrow mit dem Ortsteil Nustrow, Gemeinde Selpin mit den Ortsteilen Vogelsang, Reddersdorf, Bärenberg, Woltow, Selpin und Drüsewitz, Gemeinde Stubbendorf mit den Ortsteilen Stubbendorf und Ehmkendorf, Stadt Tessin und den Ortsteilen Helmstorf, Vilz und Klein Tessin, Gemeinde Thelkow mit den Ortsteilen Sophienhof, Thelkow, Kowalz, Liepen und Starkow; Gemeinde Sanitz mit den Ortsteilen und Ortschaften: Sanitz, Niekrenz, Groß Lüsewitz, Oberhof, Vietow, Wehnendorf, Ausbau Niekrenz, Neu Wendorf, Horst, Teutendorf, Klein Wehnendorf, Klein Freienholz, Wendorf, Reppelin, Wendfeld, Groß Freienholz, Gubkow und Hohen Gubkow; Amt Gnoien: Gemeinde Behren Lübchin mit der Ortschaft Duckwitz, Gemeinde Walkendorf mit den Ortschaften Repnitz und Basse **Landkreis Vorpommern-Rügen** 10 km Radius um die GPS-Koordinaten: 12,490912/54,064633 und 12,494110/54,062042 gesamte Gemeinde Dettmannsdorf	15.10.2025

Uimhir thagartha ADIS na ráige	Limistéar arb é atá ann:	An dáta a bheidh sé infheidhme go dtí, i gcomhréir le hAirteagal 55 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687
	Gemeinde Lindholz mit dem Ortsteil Schabow Stadt Marlow mit den Ortsteilen Dänschenburg, Carlsruhe, Neu Steinhorst, Alt Steinhorst, Brunstorf, Fahrenhaupt, Schulenberg, Kneese	
	Landkreis Rostock 3 km Radius um die GPS-Koordinaten: 12,490912/54,064633 und 12,494110/54,062042 Stadt Tessin mit den Ortsteilen Neu Gramstorf und Wolfsberger Mühle, Gemeinde Gnewitz mit den Ortsteilen Gnewitz und Barkvieren, Gemeinde Zarnewanz mit dem Ortsteilen Zarnewanz, Kleinhof und Stormstorf	7.10.2025-15.10.2025
	SCHLESWIG-HOLSTEIN	
DE-HPAI(P)-2025-00010	**Kreis Dithmarschen** 10 km Radius um den Ausbruchsbetrieb GPS-Koordinaten 9,450142/54,038066 Teile der Gemeinden Schafstedt, Hochdonn. **Kreis Rendsburg-Eckernförde** 10 km Radius um den Ausbruchsbetrieb GPS-Koordinaten 9,450142/54,038066 Die gesamte Gemeinde Bendorf und Thaden sowie Teile der Gemeinden Beldorf, Beringstedt, Bornholt, Gokels, Hanerau-Hademarschen, Lütjenwestedt, Osterstedt, Seefeld, Steenfeld, Wapelfeld. **Kreis Steinburg** 10 km Radius um den Ausbruchsbetrieb GPS-Koordinaten 9,450142/54,038066 Die gesamten Gemeinden Besdorf, Bokelrehm, Christinenthal, Drage, Hohenaspe, Huje, Kaaks, Kleve, Looft, Nutteln, Oldenborstel, Puls, Wacken, sowie Teile der Gemeinden Aasbüttel, Agethorst, Bokhorst, Gribbohm, Hohenlockstedt, Holstenniendorf, Itzehoe, Kaisborstel, Krummendiek, Mehlbek, Moorhusen, Neuendorf-Sachsenbande, Nienbütttel, Oldendorf, Ottenbüttel, Peissen, Pöschendorf, Reher, Schenefeld, Vaale, Vaalermoor, Warringholz.	3.10.2025
	Kreis Steinburg 3 km Radius um den Ausbruchsbetrieb GPS-Koordinaten 9,450142/54,038066 Die gesamten Gemeinden Hadenfeld, Bokelrehm, sowie Teile der Gemeinden Aasbüttel, Agethorst, Bokhorst, Kaisborstel, Mehlbek, Nienbüttel, Pöschendorf, Schenefeld, Warringholz.	25.9.2025 – 3.10.2025

Ballstát: an Spáinn

Uimhir thagartha ADIS na ráige	Limistéar arb é atá ann:	An dáta a bheidh sé infheidhme go dtí, i gcomhréir le hAirteagal 55 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687
ES-HPAI(P)-2025-00003	Those parts in the province of Huelva of the comarca of Valverde del Camino beyond the area described in the protection zone and contained within a circle of a radius of 10 kilometres, centered on UTM 30, ETRS89 coordinates long - 6,8929226, lat 37,7619535	10.10.2025
	Those parts in the province of Huelva of the comarca of Valverde del Camino contained within a circle of a radius of 3 kilometres, centered on UTM 30, ETRS89 coordinates long - 6,8929226, lat 37,7619535	2.10.2025 – 10.10.2025
ES-HPAI(P)-2025-00004	Those parts in the province of Guadalajara of the comarca of Pozo de Guadalajara beyond the area described in the protection zone and contained within a circle of a radius of 10 kilometres, centered on UTM 30, ETRS89 coordinates long - 3,1910813, lat 40,4981733	8.10.2025
	Those parts in the province of Guadalajara of the comarca of Pozo de Guadalajara contained within a circle of a radius of 3 kilometres, centered on UTM 30, ETRS89 coordinates long - 3,1910813, lat 40,4981733	30.9.2025 – 8.10.2025
ES-HPAI(P)-2025-00005	Those parts in the province of Huelva of the comarca of Valverde del Camino beyond the area described in the protection zone and contained within a circle of a radius of 10 kilometres, centered on UTM 30, ETRS89 coordinates long - 6,8007952, lat 37,6069237	16.10.2025
	Those parts in the province of Huelva of the comarca of Valverde del Camino contained within a circle of a radius of 3 kilometres, centered on UTM 30, ETRS89 coordinates long - 6,8007952, lat 37,6069237	8.10.2025 – 16.10.2025

Ballstát: an Phortaingéil

Uimhir thagartha ADIS na ráige	Limistéar arb é atá ann:	An dáta a bheidh sé infheidhme go dtí, i gcomhréir le hAirteagal 55 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687
PT-HPAI(P)-2025-00003	The parts from the county of Benavente from the district of Santarém, that are beyond the areas described in the protection zone, and are contained within circle of 10 kilometers centered on GPS coordinates 38.829589N, -8.710556W, and the parts from the county of Coruche, from the district of Santarém, and the parts from the county of Montijo from the district of Setúbal, that are contained within circle of 10 kilometers radius, centered on GPS coordinates 38.829589N, -8.710556W	5.10.2025

Uimhir thagartha ADIS na ráige	Limistéar arb é atá ann:	An dáta a bheidh sé infheidhme go dtí, i gcomhréir le hAirteagal 55 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687
	The parts from the county of Benavente from the district of Santarém that are contained within circle of 3 kilometers radius, centered on GPS coordinates 38.829589N, -8.710556W	27.9.2025 – 5.10.2025

Cuid C

Criosanna cosanta breise sna Ballstáit lena mbaineann* dá dtagraítear in Airteagal 1, pointe (b), agus Airteagal 4:

Ballstát: Ní bhaineann le hábhar

Limistéar arb é atá ann:	An dáta a bheidh na bearta infheidhme go dtí, i gcomhréir le hAirteagal 4

* I gcomhréir leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 5(4) de Chreat Windsor (féach Dearbhú Comhpháirteach Uimh. 1/2023 ón Aontas agus ón Ríocht Aontaithe sa Chomhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach an 24 Márta 2023, IO L 102, 17.4.2023, lch. 87) i gcomhar le hIarscríbhinn 2 a ghabhann leis an gCreat sin, chun críocha na hIarscríbhinne seo, baineann tagairtí don Bhallstát leis an Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann.